Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

# Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Stiofáin

**An tEolas is Déanaí ó gComhairle Cathrach na Gaillimhe - Feabhra 2025**
**Réamhfhógra maidir le Crainn a Bhaint**

A Chónaitheoir, a chara,

Is éard a bheidh i gceist le tionscadal Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Stiofáin ná lánaí rothaíochta a chur feadh Bhóthar Stiofáin, chomh maith le cosáin uasghrádaithe agus trasrianta nua coisithe. Ceanglaíonn an bealach ceantair chónaithe le Páirc Miondíola Gateway, moil fostaíochta, Gaelscoil Mhic Amhlaigh agus Cumann Sacair Galway Bohemians. Cuirfidh sé feabhas ar shábháilteacht, laghdóidh sé an luas a bhíonn ag feithiclí, agus cuirfidh sé leis an líon turas a dhéanfaidh coisithe agus rothaithe sa gceantar.

Ceadaíodh pleanáil don tionscadal seo i mí na Bealtaine 2024 agus tá dul chun cinn mór déanta maidir leis an obair réamhthógála. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag súil go gcuirfear tús leis an bpróiseas chun conraitheoir a cheapadh chun an obair a chur i gcrích sna míonna amach romhainn, agus táimid ag súil go gcuirfear tús leis an obair thógála níos déanaí i mbliana. Foilseofar gach nuashonrú ábhartha ar leathanach gréasáin an tionscadail, agus tá na sonraí sin le fáil thíos ag bun na litreach seo.

**Oibreacha chun Crainn a Bhaint**

D'fhonn forbairt an tionscadail seo a éascú, aithníodh go bhfuil gá roinnt crann agus tor a bhaint agus/nó roinnt crann agus tor a ghearradh ar thaobhanna an bhóthair idir Sliabh Ard agus Cloch Ard (ar chúl Dunnes Stores). Chomh maith leis sin, bainfimid crainn agus toir gar do Bhóthar Rathúin, ar an taobh thoir de Bhóthar Stiofáin.

Teastaíonn an obair seo a dhéanamh chun go mbeifear ábalta dul ar aghaidh leis an obair thógála, ós rud é go gcaitear carrbhealach an bhóthair a leathnú chun spásanna deighilte a chur ar fáil d'fheithiclí, do shiúlóirí/deiseanna a bhfuil rothaí orthu agus do rothair.

Tá cranneolaithe (speisialtóirí crainn) fostaithe againn, agus oibreoimid leo lena chinntiú nach mbainfear ach an méid is lú crann agus tor agus is gá.Tabharfar faoin obair seo an tseachtain dar tús an 24 Feabhra, sula dtosóidh an séasúr neadaithe.

Nuair a bheidh an tionscadal tugtha chun críche, cuirfimid crainn agus toir nua sa gceantar seo mar chuid den obair thírdhreacha atá pleanáilte.

Nílimid ag súil go mbeidh aon chur isteach mór i gceist d'úsáideoirí bóithre mar gheall ar an obair seo, ach bheimis buíoch as do chomhoibriú agus do thuiscint. Má tá aon cheist agat, seol ríomhphost chugainn ag **activetravel@galwaycity.ie**.

**Go raibh maith agat as an am a ghlacadh chun an litir seo a léamh.**

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal seo, féach ar **https://www.galwaycity.ie/services/active-travel/active-travel-services/bothar-stiofain-cycle-network** nó scan an Cód QR.

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

# Bóthar Stiofáin Active Travel Scheme

**Update From Galway City Council - February 2025**
**Advance Notice of Tree Removal**

Dear Resident,

The Bóthar Stiofáin Active Travel project will entail the construction of cycle lanes along the length of Bóthar Stiofáin, as well as upgraded footpaths and new pedestrian crossings. The route connects residential areas with Gateway Retail Park, employment hubs, Gaelscoil Mhic Amhlaigh and Galway Bohemians FC. It will improve safety, reduce vehicle speeds, and contribute towards an increased number of trips in the area by pedestrians and cyclists.

This project received planning approval in May 2024 and pre-construction work is at an advanced stage. Galway City Council expects to begin the process of appointing a contractor to carry out the works in the coming months, and we anticipate construction beginning later this year. All relevant updates will be published on the project webpage, details of which are available at the bottom of this letter.

**Tree Removal Works**

In order to facilitate the development of this project, a need has been identified to remove and/or pare back a number of trees and shrubs from the roadside between Sliabh Ard and Cloch Ard (to the back of Dunnes Stores). We will also remove trees and shrubs close to Rahoon Road, on the Eastern side of Bothar Stiofáin.

These works are necessary to allow for construction to proceed, as the road carriageway needs to be widened to provide segregated spaces for vehicles, walkers/wheelers and cyclists.

We have engaged arborists (tree specialists), and we will work with them to ensure that only the minimum number of trees and shrubs are removed. This work will be undertaken on the week beginning 24 February, in advance of the nesting season.

Upon completion of the project, we will plant replacement trees and shrubs in this area as part of planned landscaping works.

We do not anticipate that there will be any significant disruption to road users as a result of these works, but we do appreciate your cooperation and understanding.If you have any questions, please email us on **activetravel@galwaycity.ie**.

## Thank you for taking the time to read this letter.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal seo, féach ar **https://www.galwaycity.ie/services/active-travel/active-travel-services/bothar-stiofain-cycle-network** nó scan an Cód QR.